

# Saol Ella



## Eipeasóid 5: Ceacht 1

Tá an ceacht seo bunaithe ar an gclár *Saol Ella* – Eipeasóid 5: Cuid 1 **(00:00 – 10:45).**
Tá an mhír físe ar fáil ag: **https://snas.ie/lessons/eipeasoid-5-ceacht-1/**

**A. RÉAMHOBAIR**

Sula mbreathnóidh tú ar an mír físe, pléigh na ceisteanna seo a leanas:

1. An cuimhin leat cad a tharla sa dara cuid d'eipeasóid 4? Bhí ar Ella fanacht sa bhaile agus d'imigh Josh le Saorla síos go dtí an ché. Conas a **mhothaigh** Ella faoi sin? An raibh aon trua agat do Shaorla?
2. Cad atá i ndán d'Ella sa chéad eipeasóid eile, i do thuairim? An dóigh leat go bhfaighidh sí deis eile **am a chaitheamh le Josh**? An gceapann tú go bhfuil Josh oiriúnach di?
3. Bhí Dan ar buile le hElla agus le Liam nuair a fuair sé amach go raibh tarantúla á choinneáil ag Liam. Choinnigh sé Ella istigh dá bharr. Ar tugadh **coinneáil istigh** duit cheana as feall a dhéanamh riamh? Má tugadh, cén fhad a mhair an choinneáil istigh?





snas.ie

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**B. CLUASTUISCINT**

**Anois, féach ar an mír físe agus freagair na ceisteanna thíos.**

1. **Cén fáth** a bhfuil físeán á thaifeadeadh ag Liam, Ella agus Naoise ag tús an chláir?
    a. le cur ar an idirlíon
    b. le cur sa phost
    c. le cur chuig col ceathrair Ella i Meiriceá

2. **Cén fáth** a dtagann athrú intinne ar Shaorla maidir le comhairle a ghlacadh ó Rian?



3. Dúirt Rian go gcabhródh sé le hElla agus a banna ceoil ach go gcaithfidh siad gar a dhéanamh dó freisin. Céard é an **gar** sin?
    a. Ullmhóidh Ella dinnéar dó.
    b. Ní déarfaidh lucht an bhanna cheoil aon ní le haon duine faoin ngar.
    c. Rachaidh Treas le Rian go dtí cóisir Shaorla.

4. Tá Liam ag cabhrú le Murt caoi a chur ar sheancharr dá chuid. **Fíor nó Bréagach?**

5. Cén fáth ar chuir Rian comhairle ar Josh **gan** páirt a ghlacadh i bhfíseán bhanna ceoil Ella?

6. Cén dream ar casadh banna ceoil Ella agus a lucht tacaíochta air, agus an físeán á thaifeadadh acu?
    a. sorcas
    b. grúpa daoine a bhí ag dul go cluiche peile
    c. dream sochraide

7. Cén mothúchán ***is fearr*** a dhéanann cur síos ar an gcaoi a mothaíonn Gearóidín i leith Dan?
    a. fearg
    b. trua
    c. brón
    d. díomá



8. **Cén t-ainm** a bhí ar an bhfear arbh é a shochraid é?

9. **Cén áit** ar theastaigh ó Dan go ndéanfaí an físeán a thaifeadadh?



snas.ie © Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**C. CARACHTRACHT**

**Bunaithe ar an eolas atá agat faoi na carachtair, scríobh Fíor nó Bréagach sna boscaí thíos:**

| | |
|---|---|
| 1. Is breá le Liam a bheith ag deisiú sean-inneall. | |
| 2. Tá an-spéis ag Treas i Rian. | |
| 3. Is dlúthchairde iad Saorla agus Treas. | |
| 4. Is dochtúir í máthair Rian. | |
| 5. Tá aithne ag máthair Rian ar cheoltóirí cáiliúla Éireannacha. | |
| 6. Cuireann Josh an bruscar amach mar ghar do Shaorla. | |
| 7. Ceapann Rian go gcuirtear droch-chomhairle ar bhannaí ceoil nua ar an idirlíon. | |
| 8. Tugann Saorla cartaí amach do dhaoine mar chuireadh dá cóisir. | |
| 9. Ceapann Murt go bhfuil an iomarca cainte ar siúl ag Liam agus iad ag cur caoi ar an tarracóir. | |
| 10. Níl aon chumas ag Josh sa rince. | |
| 11. Cuireann Ella stop le taifeadadh an fhíseáin nuair nach dtagann Josh. | |
| 12. Tá sochraid Liamín Johnnie Liam ar siúl. | |
| 13. Tá Mamó ar buile le Dan chomh maith le Gearóidín. | |
| 14. Eagraíonn Ella taifeadadh an fhíseáin i ngan fhios dá hathair. | |
| 15. Iarrann Dan ar Ella glaoch a chur ar Josh ag deireadh an chláir. | |




**D. FEASACHT TEANGA**

1. Féach ar na focail bheaga seo a úsáidtear go han-mhinic sa Ghaeilge:

*faoi, ó, as, ar, le, ag, roimh, de, do, chuig, idir*

a. Cén téarma gramadaí a bhaineann leo sa Ghaeilge?
b. Cén Béarla atá ar an téarma sin?
c. Cén t-athrú a thagann ar an ainmfhocal a leanann iad de ghnáth?
Mar shampla: Tá an cat **faoi** b**h**ord na cistine.








snas.ie
© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

2. Anois, an féidir leat an réamhfhocal cuí a roghnú chun na habairtí seo a chríochnú?

| | | |
|---|---|---|
| a. | Tá gruaig chatach dhonn ____ Ella. | uirthi/ ar/ ag |
| b. | Tá naimhdeas ann _____ Saorla agus Treas. | mar/ idir/ eatarthu |
| c. | Cuireann Rian comhairle ____ Ella maidir lena banna ceoil. | air/ do/ ar |
| d. | Cabhraíonn Liam ___ Murt caoi a chur ar an seantarracóir. | le/ leis/ ó |
| e. | Tá Treas ___ ngrá le Rian. | ó/ in/ i |
| f. | Tá aithne ___ máthair Rian ar an-chuid ceoltóirí cáiliúla. | ar/ aige/ ag |
| g. | Geallann Treas ___ Rian go ndéanfaidh sí seacláid the dó. | dó/ do/ le |
| h. | Deir Rian gur leag sé lámh ___ Niall Horan tráth. | ag/ ar/ le |
| i. | Teastaíonn ____ Josh cabhrú le hElla leis an rince san fhíseán. | ag/ uaidh/ ó |
| j. | Ceapann máthair Rian go mbeadh Josh foirfe ___ Riverdance. | i/ do/ le |
| k. | Leanann Ella ar aghaidh le taifeadadh an fhíseáin _____ Josh. | le/ leis/ gan |
| l. | Tá Gearóidín ar buile ___ Dan. | faoi/ roimh/ le |
| m. | Cuireann Gearóidín an locht ar athair Ella ____ an méid a tharla. | as/ leis/ roimh |
| n. | Ní raibh a fhios ____ Dan aon rud faoin bhfíseán. | aige/ ar/ ag |
| o. | Caithfidh Ella a fón a thabhairt ___ Dan ag deireadh na heipeasóide. | chuige/ do/ dó |









snas.ie

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**E: SCRÍBHNEOIREACHT: CURRICULUM VITAE**

San eipeasóid seo buaileann Ella le Rian Ó Ruairc, Gaeilgeoir a bhfuil a máthair, Siobhán, ag obair mar phleanálaí cóisire.

1. **Eagarthóireacht:** Breathnaigh anois ar CV Shiobhán. Tá **sé bhotún déag** ann.
   Déan iarracht iad a aimsiú, a cheartú, agus a mhíniú sa tábla thíos.
   Tá an chéad cheann déanta duit mar shampla.



**CURRICULUM VITAE**

***SIOBHÁN DE FAOITE - PLEANÁLAÍ CÓISIRE***
**125 AN BÓTHAR MHÓR, EOCHAILL, CORCAIGH**
***siobhan@coisir.ie***

**Oideachas:**
Céim: Tráchtáil, Coláiste na hOllscoile Corcaigh 1999-2002
Máistreacht: Airgeadais, Scoil Ghnó Choláiste na hOllscoile Corcaigh 2007-2008

**Taithí:**
2002-2007: Oifigeach margaíocht
2007 -2020: Feidhmeannach margaíochta
2020-2025: Pleanálaí cóisire

**Scileanna:**
**Scileanna idirphearsanta:** Nuair a bhí mé oifigeach margaíochta bhí mé ag plé le bhainistíocht an chomhlachta chomh maith leis na gnáthbhaill foirne ar bonn laethúl. Bhí orm a bheith i mo eadránaí eatarthu uaireanta nuair a tháinig fadhbanna aníos.

**Scileanna bainistíochta:** Nuair a ceapadh i mo feidhmeannach margaíochta mé b'éigean dom mo chuid scilleanna bainistíochta a fhorbairt. D'fhorbair mé na scileanna sin de réir a chéile agus tháinig méadú faoi cúig ar táirgeacht an chomhlachta faoi mo stiúir.

**Scileanna gréasánaithe:** D'athraigh mé treo mo ghairme beatha sa bhliain 2020 nuair a d'fhág mé tionscal na margaíochta le bheith i mo phleanálaí cóisire do na réaltaí. Ba iad na scileanna ba mó a d'fhorbair mé ó chuaigh mé isteach sa earnáil seo ná mo chuid scileanna gréasánaithe. Anois, tá cuid mhaith de na ceoltóirí agus na hamhránaithe is mó le rá in Éireann tar éis imeachtaí, cóisirí agus féilí a eagrú liom.





snas.ie © Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

| | **Botún** | **Leagan ceart** | **Míniú** |
|---|---|---|---|
| | An Bóthar Mhór | An Bóthar Mór | Ní bhíonn séimhiú ar aidiacht i ndiaidh ainmfhocal firinscneach. |
| **1** | | | |
| **2** | | | |
| **3** | | | |
| **4** | | | |
| **5** | | | |
| **6** | | | |
| **7** | | | |
| **8** | | | |
| **9** | | | |
| **10** | | | |
| **11** | | | |
| **12** | | | |
| **13** | | | |
| **14** | | | |
| **15** | | | |



**2. Stór focal:** An cuimhin leat na leaganacha Gaeilge a bhí ar na focail seo a leanas sa CV?

| | |
|---|---|
| a. degree | |
| b. masters | |
| c. finance | |
| d. commerce | |
| e. executive | |
| f. interpersonal skills | |
| g. mediator | |
| h. productivity | |
| i. networking skills | |
| j. industry | |






snas.ie

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

3. **CV a dhearadh**: Tá tú **san Idirbhliain** agus tá CV ag teastáil uait chun taithí oibre a shocrú. Dear do CV féin as Gaeilge. Luaigh na pointí seo a leanas sa CV:
   - 3 phointe faoi do chuid oideachais go dtí seo
   - Pointe amháin faoin taithí oibre atá agat go dtí seo
   - 5 phointe faoi na scileanna atá agat









snas.ie

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**FREAGRAÍ AGUS TREOIR**

**A. RÉAMHOBAIR**

Is féidir na ceisteanna seo a phlé le chéile ag tús an ranga le cabhrú leis na daltaí réamheolas ábhartha faoin mír físe a thabhairt chun cuimhne sula mbreathnaíonn siad uirthi.

**B. CLUASTUISCINT**



1. a. le cur ar an idirlíon
2. Is pleanálaí cóisire í máthair Riain.
3. b. Ní déarfaidh lucht an bhanna cheoil aon ní le haon duine faoin ngar.
4. Bréagach
5. Scriosfadh sé sin an seans a bheadh ag Josh áit a fháil i Riverdance dar le máthair Riain.
6. c. dream sochraide
7. a. fearg
8. Liamín Johnnie Liam
9. Cúl an tí

**C. CARACHTRACHT: Fíor nó bréagach**

| | |
|---|---|
| 1. Is breá le Liam a bheith ag deisiú sean-inneall. | **Fíor** |
| 2. Tá an-spéis ag Treas i Rian. | **Fíor** |
| 3. Is dlúthchairde iad Saorla agus Treas. | **Bréagach** |
| 4. Is dochtúir í máthair Rian. | **Bréagach** |
| 5. Tá aithne ag máthair Rian ar cheoltóirí cáiliúla Éireannacha. | **Fíor** |
| 6. Cuireann Josh an bruscar amach mar ghar do Shaorla. | **Fíor** |
| 7. Ceapann Rian go gcuirtear droch-chomhairle ar bhannaí ceoil nua ar an idirlíon. | **Fíor** |
| 8. Tugann Saorla cártaí amach do dhaoine mar chuireadh dá cóisir. | **Bréagach** |
| 9. Ceapann Murt go bhfuil an iomarca cainte ar siúl ag Liam agus iad ag cur caoi ar an tarracóir. | **Fíor** |
| 10. Níl aon chumas ag Josh sa rince. | **Bréagach** |
| 11. Cuireann Ella stop le taifeadadh an fhíseáin nuair nach dtagann Josh. | **Bréagach** |
| 12. Tá sochraid Liamín Johnnie Liam ar siúl. | **Fíor** |
| 13. Tá Mamó ar buile le Dan chomh maith le Gearóidín. | **Bréagach** |
| 14. Eagraíonn Ella taifeadadh an fhíseáin i ngan fhios dá hathair. | **Fíor** |
| 15. Iarrann Dan ar Ella glaoch a chur ar Josh ag deireadh an chláir. | **Bréagach** |





snas.ie © Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

## D. FEASACHT TEANGA

### 1. Freagraí:

a. Tugtar 'réamhfhocail shimplí' ar na focail sin.
b. 'Prepositions' a thugtar orthu i mBéarla.
c. Seo na hathruithe a thagann ar an ainmfhocal ina ndiaidh:

| **Ainmfhocail dar tús consain** | | **Ainmfhocail dar tús guta** | |
|---|---|---|---|
| + séimhiú | • de bharr<br>• do Sheán<br>• faoi dheifir<br>• mar shampla<br>• ó mhaidin<br>• roimh bhricfeasta<br>• trí thimpiste | + h | • go háirithe<br>• go hÉirinn<br>• le haghaidh<br>• le hAoife |
| + urú | • i gcónaí<br>• i nDún na nGall | i > in | • in Éirinn<br>• in easnamh |
| gan aon athrú | • ag Síle<br>• as Meiriceá<br>• chuig cóisir<br>• go Baile Átha Cliath<br>• le cairde | de/do > d' | • d'Eoin<br>• d'Áine |



### 2. Roghnaigh an réamhfhocal cuí:

| | |
|---|---|
| a. Tá gruaig chatach dhonn **ar** Ella. | uirthi/ ar/ ag |
| b. Tá naimhdeas ann **idir** Saorla agus Treas. | mar/ idir/ eatarthu |
| c. Cuireann Rian comhairle **ar** Ella maidir lena banna ceoil. | air/ do/ ar |
| d. Cabhraíonn Liam **le** Murt caoi a chur ar an sean-tarracóir. | le/ leis/ ó |
| e. Tá Treas **i** ngrá le Rian. | ó/ in/ i |
| f. Tá aithne **ag** máthair Rian ar an-chuid ceoltóirí cáiliúla. | ar/ aige/ ag |
| g. Geallann Treas **do** Rian go ndéanfaidh sí seacláid the dó. | dó/ do/ le |
| h. Deir Rian gur leag sé lámh **ar** Niall Horan tráth. | ag/ ar/ le |
| i. Teastaíonn **ó** Josh cabhrú le hElla leis an rince san fhiseán. | ag/ uaidh/ ó |
| j. Ceapann máthair Rian go mbeidh Josh foirfe i Riverdance. | i/ do/ le |





snas.ie

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

| | |
|---|---|
| k. Leanann Ella ar aghaidh le taifeadadh an fhíseáin **le** Josh. | le/ leis/ gan |
| l. Tá Gearóidín ar buile **le** Dan. | faoi/ roimh/ le |
| m. Cuireann Gearóidín an locht ar athair Ella **as** an méid a tharla. | as/ leis/ roimh |
| n. Ní raibh a fhios **ag** Dan aon rud faoin bhfíseán. | aige/ ar/ ag |
| o. Caithfidh Ella a fón a thabhairt **do** Dan ag deireadh na heipeasóide. | chuige/ do/ dó |



**E: SCRÍBHNEOIREACHT: CURRICULUM VITAE**

1. **Eagarthóireacht:** Tá na botúin aibhsithe i ndath buí. Tá na ceartúcháin agus míniúcháin le fáil sa tábla thíos.

**CURRICULUM VITAE**

***SIOBHÁN DE FAOITE - PLEANÁLAÍ CÓISIRE***
**125 AN BÓTHAR MHÓR, EOCHAILL, CORCAIGH**
***siobhan@coisir.ie***

**Oideachas:**
Céim: Tráchtáil, Coláiste na hOllscoile Corcaigh 1999-2002
Máistreacht: Airgeadais, Scoil Ghnó Choláiste na hOllscoile Corcaigh 2007-2008

**Taithí:**
2002-2007: Oifigeach margaíocht
2007 -2020: Feidhmeannach margaíochta
2020-2025: Pleanálaí cóisire

**Scileanna:**
**Scileanna idirphearsanta:** nuair a bhí mé oifigeach margaíochta bhí mé ag plé le bhainistíocht an chomhlachta chomh maith leis na gnáthbhaill foirne ar bonn laethúl. Bhí orm a bheith i mo eadránaí eatarthu uaireanta nuair a tháinig fadhbanna aníos.

**Scileanna bainistíochta:** Nuair a ceapadh i mo feidhmeannach margaíochta mé b'éigean dom mo chuid scilleanna bainistíochta agus tarmligin a fhorbairt. D'fhorbair mé na scileanna sin de réir a chéile agus tháinig méadú faoi cúig ar táirgeacht an chomhlachta faoi mo stiúir.



**Scileanna gréasánaithe:** D'athraigh mé treo mo ghairme beatha sa bhliain 2020 nuair a d'fhág mé tionscal na margaíochta le bheith i mo phleanálaí cóisire do na réaltaí. Ba iad na scileanna ba mó a d'fhorbair mé ó chuaigh mé isteach sa earnáil seo ná mo chuid scileanna gréasánaithe. Anois, tá cuid mhaith de na ceoltóirí agus na hamhránaithe is mó le rá in Éireann tar éis imeachtaí, cóisirí agus féilí a eagrú liom.


snas.ie
© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

| | **Botún** | **Leagan ceart** | **Míniú** |
|---|---|---|---|
| | An Bóthar Mhór | An Bóthar Mór | Ní bhíonn séimhiú ar aidiacht i ndiaidh ainmfhocal firinscneach. |
| **1** | airgeadais | airgeadas | Ainmfhocal aonair – ní gá é a chur sa tuiseal ginideach |
| **2** | oifigeach margaíocht | oifigeach margaíochta | Má thagann dhá ainmfhocal le chéile, bíonn an dara ceann sa tuiseal ginideach. |
| **3** | Bhí mé oifigeach | Bhí mé i m'oifigeach/ B'oifigeach mé | Ní féidir ainmfhocal a chur tar éis 'tá sé'/ 'bhí mé', srl. |
| **4** | le bhainistíocht | le bainistíocht | Le – gan séimhiú ar chonsan |
| **5** | ar bonn | ar bhonn | Ar + séimhiú ar chonsan |
| **6** | laethúl | laethúil | botún litrithe |
| **7** | mo eadránaí | m'eadránaí | mo > m' roimh ghuta |
| **8** | mo feidhmeannach | m'fheidhmeannach | mo + séimhiú<br>mo > m' roimh fh |
| **9** | scilleanna | scileanna | botún litrithe |
| **10** | faoi cúig | faoi chúig | faoi + séimhiú ar chonsan |
| **11** | ar táirgeacht | ar tháirgeacht | ar + séimhiú ar chonsan |
| **12** | ba mó | ba mhó | ba + séimhiú ar chonsan |
| **13** | sa earnáil | san earnáil | sa > san roimh ghuta |
| **14** | in Éireann | in Éirinn | Éire = ainm na tíre<br>in Éir**inn**/ go hÉir**inn**<br>muintir na hÉir**eann** (TG) |
| **15** | féilí | féilte | Uimhir iolra |







snas.ie

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**2. Stór focal:**

| | |
|---|---|
| a. degree | céim |
| b. masters | máistreacht |
| c. finance | airgeadas |
| d. commerce | tráchtáil |
| e. executive | feidhmeannach |
| f. interpersonal skills | scileanna idirphearsanta |
| g. mediator | eadránaí |
| h. productivity | táirgeacht |
| i. networking skills | scileanna gréasánaithe |
| j. industry | tionscal |

**3. CV a dhearadh:** Is féidir an tasc seo a dhéanamh faoi threoir sa rang nó mar obair bhaile, le deis a thabhairt do na foghlaimeoirí treisiú a dhéanamh ar an méid atá foghlamtha acu sna cleachtaí thuas.



snas.ie

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad